CAOINEADH TIGH MOLOGA

Peannaireacht an fhile

Óiche dom go doiligh dubhach
cois fharraige na dtonn dtréan
ag léirsmuaineadh is ag lua
ar choraibh crua an tsaoil

Bhí an ré is na réalta suas
neior chols fuainn tonne na trá
is ní raibh gal ann den ghaoith
do chraithfeadh barr crainn ná bláth

Do ghluaiseas i machnamh mhaon
gan aire ar raon mo shiúil,
doras cille gur dhearc mé
san gconair réidh ar mo chionn

Do stad mé san doras tsean
'nar ghnáth almsanna is aio
dá ndáil don lobhar is don lag
an tráth do mhair lucht an tí

Bhí fora fiar ar an thaoibh,
is cian ó chireadh a cló,
ar a suíodh saoithe 'gus cliar
is taistealaigh thriallta an róid.

Shuig mé síos le machnamh lán,
do leigeas mo lámh fám ghrua
gur thuit frasa diana déar
raibh ar féar a-nuas.

Adúirt mé ansan fá dhith
agus mé ag caoi go cumhach
Do bhí aimsear ina raibh
an teach so go soilbh subhach.

Sonn do bhíodh cloig agus cléir,
dréachta 'gus diadhacht dá léadh,
cora, ceatal agus ceol
ag moladh mórgachta Dé.

A fhothrach fholamh gan aird.
a áris seo id aosta túr,
is iomdha eascal is gaoth
do bhuail ar mhaol do mhúir

Is iomdha fearthainn is fuacht
is stoirm chuain do chuiris díot
ó tíolaiceadh tú ar dtúis
do rí na ndúile mar thíos

A mhúir naofa na mbeann nglas
dob ornáid don tír seo tráth,
is dioma dian liomdo scrios
agus cuir do naomh ar fán.

Is uaigneach atoi a nois
ní bhfuil ionat cora ná ceol,
ach scréachach ghéar na gceann gcait
in ionad na salm sóil,

Eidhean ag eascar ós do stua,
neantóg rua it urlár úr.
tafann caol na sionnach seang
is crónán na n-eas id chlúid.

Mar a nglaodh an fhuiseog mhoch
do chléir ag canadh a dtráth,
ní bhfuil teanga ag corraí a-nois
ach teangtha gliogair na gcág.

Atá do phroinnteach gan bhia,
do shuainlíos gan leaba bhláth,
do thearmann gan íobairt cliar
ná aifreann do Dhia dá rá.

D'imigh do luamh is do riail
is do chuallacht ba chian cáidh;
uch! ní fhionnaim anois fád iadh
ach carannán criata cnámh.

Uch! anfhorlann is an-uaill
anbhroid, an-uais is ain-dlí,
foirneart námhad is creachadh cruaidh
tug uaigneach tú mar taoi.

Do bhás-sa féin sona seal;
fa-raor! do chlaochlaigh mo chló,
táinig tóir an tsaoil im aghaidh,
ní bhfuil feidhm orm ach brón.

D'imigh mo luail is mo lúth,
radharc mo shúl agus mo threoir;
atáid mo cháirde is no chlann
san gcill seo go fann ag dreo.

Atá duairceas ar mo dhriuch,
atá mo chroí 'na chrotal cro;
dá bhfóireadh orm an bás,
ba dhearbh m'fháilte fána chomhair

View of Abbey & Catholic Church from Courtmacsherry Bridge